AG CEILIÚRADH 110 BLIAIN

# Timire

an Chroí Ró-naofa




110

Comóradh 110 Bliain den Timire 1911-2021


FOILSEACHÁN ÍOSÁNACH SAMHRADH 2021 * €5.00/STG£3.75 * WWW.TIMIRE.IE

# John Hume agus Ealaín na Síochána


## Marie Whelton, Léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath


Ar 3 Lúnasa, 2021, beidh bliain imithe ó bhás John Hume (1937-2020). Ailtire cróga agus paiseanta i mbun comhráite agus cairdis in am an aighnis ab ea é agus is tráthúil machnamh a dhéanamh ar cheithre ghné éagsúla den ealaín a chleacht sé i rith a shaoil.

In ainneoin ualach na staire, sháraigh John Hume an deighilt sheicteach agus bhuail sé leis an bhfreasúra chun dul i mbun cainteanna leo. Cainteanna a raibh Comhaontú Aoine an Chéasta (1998) agus síocháin ar Oileán na hÉireann mar thoradh orthu. Is éard a léirigh John Hume ná gurb í an chéad chéim i gcothú an chairdis shóisialta ná an chaint dhíreach oscailte. Is í an chaint an chéad chéim a mholtar in Matha 18: 15-17, freisin, do réiteach an aighnis sa phobal Críostaí. Má tharlaíonn beirt in aighneas, moltar dóibh labhairt go díreach agus go macánta lena chéile seachas a bheith ag cur leis an aighneas tríd an gcúlchaint agus tríd an 'monabhar gearánach' (mar a thugtar air i Riail Naomh Colm Cille: sourcebooks.fordham.edu/source/columba-rule.asp).

Bunphrionsabal eile de dhearcadh John Hume ná meas a léiriú ar an éagsúlacht. Is minic a dúirt sé go bhfásfadh aontacht as meas a léiriú ar an ilchineálacht. Agus é ag labhairt, mar shampla, in agallamh le *The American Academy of Achievement* dúirt sé: "Agus sinn ag teacht chuig an gcomhaontú sin, bhíodh fealsúnacht shoiléir ag mo pháirtí i gcónaí. I dTuaisceart Éireann, ba chóir dúinn institiúidí a chur ar bun a léireodh meas ar éagsúlachtaí na ndaoine agus nach dtabharfadh an chraobh do cheachtar den dá thaobh. I bhfocail eile, d'áitímis i gcónaí don chomhrialtas, nó, do chomhroinnt na cumhachta mar a thugtar uirthi." (Aistrithe go Gaeilge ó agallamh le John Hume, "Ireland's Champion of Civil Rights". *The Academy of Achievement Interview*, www.achievement.org Meitheamh 8, 2002).

Is léir ón sliocht sin go raibh cur chuige neamh-iomaíoch ag John Hume. Ba iad an comhrialtas agus comhroinnt na cumhachta na haidhmeanna a bhí aige seachas an bua a bhaint amach dá thaobh féin sa choimhlint. Ba dhearcadh frith-chultúrtha é sin i ndomhan a chuireann béim shuntasach ar an mbua agus ar an gcomórtas i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí oideachais, i gcúrsaí gnó agus fiú i gcúrsaí spóirt. Lorgaíonn fealsúnacht John Hume malairt an chomórtais agus is iad an comhoibriú agus comhar na gcomharsan a comharthaí sóirt.

Thar aon rud eile, chuir John Hume i gcoinne an fhoréigin. Mar a dúirt sé san agallamh céanna a luadh thuas: "Bhí mé



Bill Clinton á chur i láthair ag John Hume. © Sharon Farmer / Wikimedia Public Domain

féin agus mo pháirtí i gcoinne an fhoréigin...chuir an foréigean go mór leis na deighiltí agus chuir sé go mór leis an bhfadhb. Agus, ar ndóigh, chothaigh foréigean ó thaobh amháin foréigean ón taobh eile, agus bhí 'súil ar shúil' agat ansin, foirceadal a fhágann, mar a deir Mahatma Gandhi, gach duine dall." Is léir, dá bhrí sin, gur dhiúltaigh John Hume go hiomlán do chultúr an díoltais agus, tugann sampla a shaoil dúshlán do dhaoine an fonn díoltais sin a shárú ina saol féin. Iarrann a shampla orainn staonadh ón míchineáltas nuair a spreagann míchineáltas iomaitheora é sin ionainn; iarrann sé orainn staonadh ón gcaint ghoineach nuair a spreagann focail ghéara ó chomhghleacaí é sin ionainn; agus, gach uair a thagann fonn orainn duine eile a ghortú, iarrann bealach an neamhfhoréigin orainn an fonn sin a shárú agus bealach an ghrá agus na síochána a roghnú.

Is léir go dtugann spléachadh beag ar oidhreacht John Hume le fios gurb iad an chaint dhíreach ionraic, an meas ar an éagsúlacht, an comhoibriú agus sárú an díoltais is fearr in am an aighnis chun an tsíoch/áin a chothú. Thuig agus chleacht John Hume ealaín na síochána agus is fiú an tseoid seo faoin ealaín sin a lua mar chlabhsúr: "*Peacemaking doesn't mean passivity. It is a deliberate act of interrupting injustice without mirroring injustice; the act of disarming evil without destroying the evil-doer, the act of finding a third way that is neither fight nor flight, but the careful arduous pursuit of reconciliation and justice. It is about a revolution of love that is big enough to set both the oppressed and the oppressors free.*" (Shane Claiborne, Jonathan Wilson-Hartgrove, Enuma Okoro, *Common Prayer: A Liturgy for Ordinary Radicals*, Zondervan: Michigan, 2010, 388-389). ♥

**Foclóirín**

**Deighilt sheicteach** – *sectarian divide*
**An freasúra** – *the opposition*
**Comhaontú Aoine an Chéasta** – *The Good Friday Agreement*
**Monabhar** – *murmuring*
**Éagsúlacht** – *difference / diversity*
**Comhroinnt na cumhachta** – *power sharing*
**Staonadh ó** – *refrain from*

## Intinn Uilíoch an Phápa do Mhí Iúil – Cairdeas Sóisialta

Guímis, má tharlaíonn in aighnis shóisialta, eacnamaíochta nó pholaitiúla sinn, go mbeimid inár n-ailtirí cróga agus paiseanta i mbun comhráite agus cairdis.